# GLOR CHEATHARLACH

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Carlow Gateway Business Centre
Bóthar Átha Í, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

## Gaeilge an tSamhradh

TÁ CLÁR samhraidh spleodrach á fhógairt ag Glór Cheatharlach do shamhradh 2010 le himeachtaí oiriúnach do gach aoisghrúpa. Am gnóthach a bheidh ann don Ghaeilge i gCeatharlach le clár iomlán d'imeachtaí i Mí an Mheithimh agus Mí Iúil. Beidh Coláiste Samhraidh do dhaltaí ó Rang 6 go Bliain 6 ar siúl idir 1agus an 14 d'Iúil, Campa Samhraidh do pháistí bunscoile ón 19-23 Iúil agus Mini-Campa Campa na nÓg do pháistí idir 4-6 bliana d'aois idir an 12-16 Iúil. Beidh sraith nua de ranganna Gaelchultúr do dhaoine fásta ag tosnú i Mí an Mheithimh chomh maith. Tá gach eolas ar fáil ó Emma Whitmore, Glór Cheatharlach.

**COLÁISTE SAMHRAIDH 2010.**
Beidh Coláiste Samhraidh do dhéagóirí i gCeatharlach i mbliana don dara bliain. Tabharfaidh sé seo rogha eile do dhaltaí gur mhian leo feabhas a chur ar a gcuid Ghaeilge ach nach bhfuil fonn orthu trí seachtainí a chaitheamh i bhfad ó bhaile sa Ghaeltacht. Agus iad ag freastal ar Choláiste Samhraidh Cheatharlach 2010 bainfidh daltaí i rang 6 go scoláirí i mbliain 6 taitneamh as taithí Gaeltachta ó chompord a mbaile féin. Bhí ráth ollmhór ar an gcéad chúrsa an bhlian seo caite agus táthar ag súil go mór le cúrsa 2010.

Reachtálfar an cúrsa coicíse idir 9.30 r.n. agus 1.30 i.n. ó 1 go 14 Iúil agus beidh suas le ceithre grúpa ar fáil ag braith ar éileamh. Beidh ranganna agus imeachtaí an chúrsa in oiriúint do dhaltaí rang 6 agus micléinn 1ú agus 2ú bliain i ngrúpa na sóisear agus daltaí níos sine i ngrúpa na sinsear. Is i nGaelcholáiste Cheatharlach, Easca, Ceatharlach a bheidh Coláiste Samhraidh 2010 lonnaithe.

I measc na n-imeachtaí a bheidh san áireamh beidh ceachtanna Gaeilge agus seisiúin cainte, díospóireachtaí agus amhránaíocht, cluichí agus spórt chomh maith le rince céilí agus iad seo uile déanta trí mhéan na Gaeilge. Tabharfar deis do na daltaí spraoi agus spórt a bhaint as an gColáiste Samhraidh, casadh le cairde nua agus ag an am céanna cur lena gcuid líofachta sa teanga.


Campa Samhraidh Cheatharlach 2009

'Sé €195 táille iomlán an Choláiste Samhraidh. Chun áit a chur in áirithe caithfear foirm iarratais comhlánaithe agus éarlais €45 a chur chuig Glór Cheatharlach go luath mar tá clárú beagnach lán.

**CAMPA SAMHRAIDH**
Beidh Campa Samhraidh ar siúl arís i mbliana i nGaelscoil Cheatharlach idir an 19-23 Iúil . Beidh an campa oiriúnach do pháistí idir 7 agus10 mbliana d'aois agus beidh táille €40 chun imeachtaí uile na seachtaine a chlúdach. I measc na n-imeachtaí beidh Snámh, Cluichí, Ealaín, Amhránaíocht, Ceardaíocht, Rince Céilí agus roinnt Turasanna i rith na seachtaine. Beidh an campa ar siúl ó 10r.n. – 2i.n. ón Luan 19ú go dtí an Aoine 23ú Iúil. Foirmeacha iarratais agus gach eolas ó oifig Glór Cheatharlach.

**CAMPA NA NÓG**
Beidh Mini Campa 'Campa na nÓg' ar siúl i Naíonra Ghráig Chuilinn ón 12-16ú Iúil i mbliana. Beidh an campa á reachtáil ó 10.00r.n. -1.00i.n. ó Dé Luain go Dé hAoine. Beidh meascán d'imeachtaí oiriúnach do pháistí idir 4-6 bliana d'aois idir ealaín agus ceardaíocht, cluichí agus turasanna áitiúla. Tá costas €40 in aghaidh na seachtaine ar an gcampa seo le lascaine má bhíonn níos mó ná páiste amháin ó chlann . Gach eolas ó Lorraine ar (085) 7377041 nó ó oifig Glór Cheatharlach .

**RANGANNA GAELCHULTÚR**
Tosnóidh sraith nua de ranganna Ghaelchultúir ar an 24 Bealtaine i mbliana. Is é seo an seú sraith de na Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta atá curtha ar fáil ag Gaelchultúr i gCeatharlach. Beidh dhá leibhéal ar fáil sa Mini Cúrsa seo, Bunrang 2 agus Méanrang 1. Is cúrsa sé seachtainí atá i gceist le ranganna oíche amháin sa tseachtain ar An Luan ó 7.00-9.00i.n.. Beidh na ranganna go léir ar siúl in oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach ar Bhóthar Átha Í. Gach eolas ar www.gaelchultur.com nó arís ó oifig Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047 nó emma@glorcheatharlach.ie


Campa Samhraidh Cheatharlach 2009


Campa na nÓg Cheatharlach 200

